An Roinn Oideachais
Department of Education

5 Aibreán 2022

A Phríomhoide, a chara,

Ag eascairt ó mo litir chugat an 15 Márta maidir le tacaíocht a sholáthar do leanaí atá ag teacht ón Úcráin, is mian liom na nuashonruithe breise seo a leanas a chur ar fáil duit.

Mar fhreagairt ar ionradh na hÚcráine ag an Rúis, agus cur i ngníomh na Treorach um Chosaint Shealadach, tá cur chuige rialtais iomlán glactha ag an Rialtas chun tacú leis na daoine a thagann anseo.

Tá an Roinn Oideachais ag obair leis an earnáil oideachais ar fad, lena n-áirítear comhlachtaí faoi choimirce agus comhpháirtithe oideachais chun pleanáil a chur chun cinn maidir le rochtain ar oideachas do leanaí aois scoile agus tacaíochtaí a sholáthar dá dteaghlaigh agus dá scoileanna.

**Achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí:**

- Sa chéim seo, tá daoine á gcur ar dtús i gcóiríocht ghearrthéarmach, shealadach ar bhonn éigeandála. B'fhéidir go gciallódh sé seo go mbeadh ar theaghlaigh le leanaí bogadh go cóiríocht níos fadtéarmaí ar ghearrfhógra.
- Má tá sé d'acmhainn agat leanaí ón Úcráin a chlárú, tá an Roinn ag iarraidh go bhfreastalófá orthu.
- Tá sé tábhachtach clárúcháin dá leithéid a nuashonrú láithreach ar bhunachair sonraí POD nó PPOD. Cuideoidh sé seo le leithdháileadh na dtacaíochtaí agus na n-acmhainní riachtanacha.
- Tá Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) bunaithe chun tacú le scoileanna agus le teaghlaigh ón Úcráin. Tá na sonraí teagmhála ar fáil anseo.
- Is féidir leat cur isteach ar uaireanta breise BTB ag brath ar líon na ndaltaí incháilithe, féach na sonraí.
- Déanfar faisnéis do scoileanna a óstáil ar gov.ie/schools i rannóg na hÚcráine, an litir seo san áireamh.

**Cóiríocht:**

Tá sé curtha in iúl don Roinn agus an Roinn Leanaí, Comhionannas, Comhtháthú Míchumais agus Óige, atá freagrach as lóistín éigeandála a sholáthar do dhaoine a thagann ón Úcráin, go bhfuil daoine á gcur i gcóiríocht ghearrthéarmach, shealadach ar dtús, ar bhonn éigeandála.

Cuirtear in iúl do scoileanna, mar gheall ar an gcás éigeandála, go mb'fhéidir go mbeidh ar theaghlaigh suíomh a aistriú chun teacht ar chóiríocht níos fadtéarmaí. Dá réir sin, d'fhéadfadh nach mbeadh ar chumas do leanaí freastal

ar do scoil níos mó, ach go mb'fhéidir go mbeidh orthu freastal in ionad ar scoil eile níos gaire dá láthair nua.

**Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga don Úcráin (REALT)**
Chun ailíniú na dtacaíochtaí do theaghlaigh na hÚcráine atá ag teacht go hÉirinn a chuíchóiriú, tá Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga (REALT) bunaithe ag an Aire Oideachais Norma Foley TD.

Beidh na Foirne Oideachais agus Teanga seo á n-óstáil ag na 16 bhord oideachais agus oiliúna (BOOanna) réigiúnacha agus beidh pearsanra tacaíochta oideachais réigiúnach atá ann cheana mar fhoireann iontu agus beidh siad ag obair go dlúth le chéile chun dea-chomhordú agus dea-ailíniú tacaíochtaí a chinntiú do leanaí Úcránacha. Beidh an Roinn i dteagmháil leis na foirne lena chinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí riachtanacha uile ar fáil chomh tapa agus is féidir do leanaí ón Úcráin.

Is é príomhról REALT ná cuidiú le leanaí áiteanna scoile a aimsiú agus tacú le scoileanna freastal ar riachtanais na leanaí seo de réir mar a eascraíonn siad. Cuirfidh REALT comhairle agus tacaíocht ar fáil freisin don Roinn maidir le hacmhainn nua a fhorbairt áit a bhfuil gá lena leithéid, agus déanfar soláthar seirbhísí oideachais do leanaí agus do theaghlaigh ar fud a gceantar sainithe a chomhordú. Feidhmeoidh na foirne mar theagmháil idir scoileanna, seirbhísí tacaíochta oideachais áitiúla agus struchtúir tacaíochta náisiúnta maidir le daoine atá ag teacht ón Úcráin.

Déanfar na foirne réigiúnacha a óstáil agus a thacú, ó thaobh riaracháin, laistigh de na BOOanna agus beidh siad i gceannas ar líonra gníomhaireachtaí tábhachtacha eile, lena n-áirítear Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT), pearsanra réigiúnach an SNSO, pearsanra réigiúnach an CNOS agus ainmnithe áitiúla chomhlachtaí bainistíochta a bheidh ag obair i dteannta a chéile le scoileanna áitiúla. Beidh luach agus éifeachtúlachtaí breise ag an bpróiseas chun tacú le leanaí na hÚcráine mar thoradh ar na príomhghníomhaireachtaí go léir a bheith ag obair le chéile ar bhealach iomlánaíoch.

Díreoidh na foirne ar dtús ar a chinntiú go mbíonn áiteanna scoile ar fáil do leanaí nuair a bhíonn siad réidh tabhairt faoin gcóras scolaíochta. Tacóidh REALT le seirbhísí atá ann cheana féin agus déanfaidh sé na réimsí oibre seo a leanas a chomhordú:

- Acmhainn reatha na scoile a ailíniú le socrúchán teaghlaigh Úcránach, oiread agus is féidir.
- Acmhainn bhreise a aithint laistigh dá gceantair gheografacha chun ullmhú do chásanna ina bhféadfadh ró-éileamh a bheith ar acmhainn na scoile, agus oibriú leis an Roinn agus eagraíochtaí eile de réir mar is gá chun an acmhainn bhreise seo a sholáthar.

…..

- Cuidiú le scoileanna agus teaghlaigh rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi áiteanna scoile do leanaí agus do dhaoine óga ón Úcráin atá tar éis bogadh isteach sa cheantar.
- Cuidiú le scoileanna agus teaghlaigh rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le seirbhísí na Scéime Iompair Scoile a rochtain do leanaí agus do dhaoine óga ón Úcráin atá tar éis bogadh isteach sa cheantar.
- Cuidiú le scoileanna agus teaghlaigh acmhainní agus tacaíochtaí a rochtain le haghaidh acmhainn bhreise, folláine, teanga agus riachtanais oideachais.
- Cuidiú le hobair i réimse an tsoláthair foirne, lena n-áirítear, más gá, teagascóirí Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) a chuideodh le riachtanais Bhéarla leanaí, daoine óga na hÚcráine agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.
- Teagmháil le struchtúir chomhordaithe áitiúla eile chun seachadadh seirbhísí poiblí a chomhordú do theaghlaigh na hÚcráine.

Tá faisnéis ar fáil do thuismitheoirí, san Úcráin agus sa Rúisis, maidir le rochtain a fháil ar áiteanna scoile ar gov.ie/Ukraine.

**Acmhainní scoile:**
Má tá leanaí in aois scoile tagtha cheana féin agus gur mian leo an córas scoile a rochtain láithreach, tá an Roinn ag iarraidh ar scoileanna a bhfuil an cumas acu go háitiúil faoi láthair an freastal is fearr is féidir a dhéanamh ar na leanaí. Tá sé tábhachtach go ndéantar na rolluithe seo, agus aon athruithe a tharlaíonn ina dhiaidh sin orthu, a ionchur láithreach agus a choinneáil cothrom le dáta ar an gcóras POD ag an mbunleibhéal nó ar an gcóras PPOD ag iar-bhunleibhéal ionas go gcuideofar leis an Roinn na rolluithe foriomlána ag an leibhéal náisiúnta a rianú agus tacú le leithdháileadh na dtacaíochtaí riachtanacha.

Cé go leanann an suíomh foriomlán maidir leis an gcogadh san Úcráin agus a thionchair níos leithne, ba cheart do scoileanna a bhfuil a n-acmhainní á mheas acu feidhmiú ar an mbonn go leanfaidh an riachtanas maidir le socrúchán scoile éigeandála/gearrthéarmach chun freastal ar leanaí ón Úcráin don chuid eile den scoilbhliain reatha agus do chuid den scoilbhliain 2022/2023 nó b’fhéidir don scoilbhliain go léir. I bhfianaise nádúr gearrthéarmach an riachtanais agus na héigeandálaí daonnúla práinneacha, tá an Roinn ag iarraidh ar scoileanna gach cóiríocht atá ar fáil a mheas ar an mbealach is solúbtha agus is féidir.

Is eol don Roinn go bhfuil scoileanna ag obair go leanúnach leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) lena chinntiú go bhfuil dóthain áiteanna oideachas speisialta ar fáil ar fud na tíre do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. In áiteanna ina bhfuil sé aitheanta ag an CNOS go bhfuil gá le socrúcháin oideachas speisialta, tá sé tábhachtach go leanann scoileanna ag éascú bunú na ranganna speisialta sin.

Tá ríthábhachtach ag baint le hacmhainn chóiríochta atá cheana féin laistigh de scoileanna ar fud na tíre a úsáid agus beidh gá le comhoibriú maith idir gach scoil i mbaile nó i gceantar áitiúil chun cuidiú lena chinntiú go mbaintear gach leas, a mhéid is féidir, as gach acmhainn atá ar fáil. Beidh ról tábhachtach ag REALT maidir le tacú leis an bpróiseas seo agus ba cheart do scoileanna dul i ngleic leis na foirne seo nuair a sháraíonn na rolluithe ionchasacha an acmhainn cóiríochta atá ar fáil sa scoil. I gcásanna dá leithéid, d'fhéadfadh na foirne réigiúnacha cuidiú chun réitigh oiriúnacha a aithint, lena n-áirítear réitigh chóiríochta a aimsiú lasmuigh den láthair, i saoráidí pobail áitiúla nó i saoráidí eile nuair is gá. Beidh cur chuige dá leithéid níos fóirsteanaí chun acmhainn a mhéadú sa ghearrthéarma i bhfianaise na dtréimhsí ama atá i gceist maidir le haon réitigh chóiríochta breise a sholáthar.

Tá sonraí ardleibhéil ag an Roinn cheana féin ar acmhainn fhéideartha scoileanna aonair óna Fardal Náisiúnta ar Acmhainneacht Scoile bunaithe ar thuairisceáin rollaithe bhliantúla scoileanna faoi na córais POD agus PPOD, agus úsáideann sí a Córas Faisnéise Geografaí chun anailís spásúil agus sonraí eile a éascú. Sna laethanta atá le teacht, i gcomhthéacs an bhrú ar eol a bheith ag an leibhéal iar-bhunscoile, beidh an Roinn ag iarraidh ar gach iar-bhunscoil faisnéis bhreise a sholáthar freisin, trí thairseach ar líne, maidir leis na háiteanna féideartha laistigh de chóiríocht reatha na scoile a d'fhéadfaí a chur ar fáil chun socrúcháin scoile a éascú do leanaí ón Úcráin. Cuideoidh freagairtí luatha scoileanna ar an suirbhé seo go mór le pleanáil agus ullmhúcháin chun socrúcháin scoile a éascú do leanaí ón Úcráin.

Ar an leibhéal náisiúnta, bhain líon iomlán rolluithe bunscoile buaicphointe amach in 2018 agus tá siad ag laghdú ó shin. Rinneadh an glanlaghdú foriomlán ar rolluithe bunscoile faoi 2022/23 a réamh-mheas ag thart ar 25,000 dalta. Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, leanann an déimeagrafaic ag ardú i gcoitinne. Mar sin féin, tá éagsúlachtaí suntasacha ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon maidir leis an acmhainn atá ar fáil go háitiúil agus go réigiúnach ar fud na tíre, i gceantair thuaithe agus uirbeacha araon. I ndeireadh báire, beidh suíomh na cóiríochta a chuirtear ar fáil do na teaghlaigh Úcránach mar phríomhthoisc chun úsáid na hacmhainne scoile reatha a uasmhéadú d'fhonn freastal ar a riachtanais oideachais agus tá an Roinn i mbun comhordaithe le Ranna Rialtais eile ar mhaithe le hailíniú ár bpróisis phleanála a chinntiú oiread agus is féidir.

**Tacaíochtaí BTB do scoileanna:**
Tuigtear go bhfuil roinnt leanaí cláraithe i scoileanna cheana féin. Ba chóir a bheith san airdeall, mar atá luaite thuas, gur dóichí go mbeidh na socruithe tosaigh cóiríochta sa tréimhse seo sealadach agus go bhféadfadh teaghlaigh bogadh ó cheantar amháin go socruithe níos meántéarmaí i suíomh difriúil.

Ba chóir go dtuigfeadh scoileanna é seo agus pleananna á ndéanamh acu agus ba chóir go mbeidís aireach faoi seo sa phleanáil do thacaíocht an linbh aonair.

Tuigtear, áfach, gur dóichí go mbeidh tacaíocht Bhéarla de dhíth ar fhormhór na leanaí. D'fhéadfadh go mbeadh an cumas ag scoileanna tacaíocht a sholáthar do roinnt leanaí ón Úcráin laistigh dá n-acmhainn reatha. Mura bhfuil aon acmhainn ag scoil laistigh dá leithdháileadh reatha tá sé beartaithe uaireanta breise a leithdháileadh ar scoileanna chun tacú le soláthar BTB do dhaltaí/scoláire ón Úcráin sa tréimhse seo, mar atá sa tábla thíos:

| Líon daltaí BTB | Líon uaireanta teagaisc in aghaidh na seachtaine |
|---|---|
| 1 - 4 | 5 |
| 5 - 8 | 10 |
| 9 – 13 | 15 |
| 14 – 20 | 20 |
| 21 - 30 | 25 |
| 31 – 40 | 35 |
| >40 | 50 |

Féadfaidh scoileanna teacht ar fhoirm le cur isteach ar acmhainní ag an nasc. https://www.gov.ie/en/collection/2d706-staffing-arrangements-at-post-primary-level-forms/#form-u-eal-2022

Má tá riachtanais thacaíochta nó fiosruithe eile agat, féadfaidh príomhoide na scoile teagmháil a dhéanamh le líne chabhrach na Roinne do Phríomhoidí ar ríomhphost USupport@education.gov.ie nó ar an bhfón ag 057 9324461.

**Iompar scoile**
Tá próiseas nua á chur i bhfeidhm ag an Roinn, i gcomhar le Bus Éireann, chun soláthar seirbhísí Scéim Iompar Scoile a éascú do leanaí a thagann go hÉirinn ón Úcráin.

Nuair a bheidh sé eagraithe, beidh nasc chuig foirm (a bheidh ar fáil i Úcráinis agus i Rúisis freisin) le comhlánú ag teaghlaigh/ teaghlaigh óstach chun iarratas a dhéanamh ar iompar scoile. Beidh an fhoirm seo ar fáil ar Gov.ie/Ukraine agus beidh tuilleadh eolais ar fáil go luath. Freastalófar go tapa ar leanaí ar sheirbhísí atá ann cheana má bhíonn spás ar fáil. Ní ghearrfar táille ar leanaí as a dticéad agus déanfar gnáth chritéir incháilitheachta a tharscaoileadh. Mura bhfuil seirbhís nó spás ar fáil, is féidir deontas ceantair iargúlta a thairiscint don teaghlach de réir mar is cuí.

Do leanaí a bhfuil cónaí orthu in ionaid chóiríochta, tá próiseas á chur i bhfeidhm ag an Roinn freisin chun soláthar Seirbhísí Scéim Iompar Scoile a éascú do leanaí a thagann go hÉirinn ón Úcráin, ón áit ina bhfuil siad ina gcónaí go dtí an scoil ar a mbeidh siad ag freastal.

Eiseofar sonraí breise faoin bpróiseas seo go luath. Idir an dá linn, tá an Roinn ag déileáil le hiarratais ar bhonn cás ar chás. Ba cheart ceisteanna/iarratais a sheoladh chuig Iompar Scoile ag transportapplications@education.gov.ie nó ar an bhfón le linn uaireanta oifige chuig 057 9325467.

**Tacaíochtaí Folláine agus treoir SNSO**
Tá siad seo fóisithe ag Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) na Roinne:

- Treoir maidir le tacú le gach leanbh a d'fhéadfadh a bheith faoi anacair maidir le himeachtaí reatha – Tacú le Leanaí agus le Daoine Óga le linn cogaidh.
- Treoir do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna maidir le tacú le folláine leanaí/daoine óga ón Úcráin ag an am seo.

Tá tacaíochtaí folláine an SNSO go léir do ghéarchéim na hÚcráine ar fáil ar an leathanach gréasáin Folláine san Oideachas ar gov.ie ag an nasc anseo.

Tá sraith seimineár folláine á chur ar fáil ag an SNSO do scoileanna, trí Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann, agus déanfar tuilleadh comhairle agus acmhainní a fhorbairt de réir mar a thagann riachtanais chun cinn.

Ina theannta sin, tá fáil ar shíceolaithe SNSO ar an talamh chun dul i gcomhairle le scoileanna agus tacaíocht a sholáthar de réir mar is gá. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála struchtúr oifigí réigiúnacha SNSO anseo.

**Tacaíochtaí Cultúrtha agus Teanga – stór lárnach acmhainní agus tacaí atá ar fáil anois ar scoilnet.ie**
Tá an SFGM, an CNCM, TIBÉ agus raon seirbhísí tacaíochta tagtha le chéile chun spás tiomnaithe a fhorbairt ar scoilnet.ie ionas gur féidir le scoileanna agus múinteoirí raon leathan tacaíochtaí cultúrtha agus teanga a rochtain. Táthar ag súil go gcuirfear acmhainní agus ábhair bhreise ar fáil de réir a chéile. Is stór lárnach tacaí agus acmhainní an-úsáideach é seo do mhúinteoirí agus do scoileanna lena n-áirítear:

- Raon treoirlínte maidir le Éagsúlacht agus Cuimsiú;
- Acmhainní Teagaisc agus Foghlama agus
- Rochtain ar thacaí SFGM.

Is iad na naisc do na spásanna tiomnaithe bunscoile agus iar-bhunscoile ar scoilnet.ie ná:

Bunleibhéal: https://www.scoilnet.ie/go-to-primary/clsupports/

Iar-Bhunleibhéal: https://www.scoilnet.ie/go-to-post-primary/clsupports/

San áireamh i measc an raon leathan acmhainní, tá faisnéis maidir le huirlisí digiteacha in aisce, lena n-áirítear aipeanna ar féidir leo cabhrú le h**aistriúchán** téacs agus gutha. Tá na hacmhainní seo an-úsáideach ar fad maidir le foirmeacha scoile a dhéanamh inrochtana do chách agus chun cuidiú le cumarsáid idir scoileanna agus tuismitheoirí.

Tá eolas ar aipeanna digiteacha in aisce ar fáil trí na leathanaigh ghréasáin nua tiomnaithe Scoilnet agus ag https://www.pdst.ie/sites/default/files/What%20free%20digital%20tools%20are%20available.pdf

Tá físeán treorach gairid ullmhaithe ag an SFGM ar conas aip Microsoft Translator a úsáid ar fáil ag an nasc seo a leanas www.youtube.com/watch?v=og5WbqV0RlM

Tá fáil anois ar Language mats san Úcráinis agus sa Rúisis do scoileanna chun formáid dhigiteach a rochtain trí leathanach gréasáin Scoilnet nó trí láithreán gréasáin PPLI https://languagesconnect.ie/language-mats/

Cuireann siad ar fáil teanga choitianta an tseomra ranga in Úcráinis agus i Rúisis.

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta

.....